Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9526/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 33
AGRI 214
PECHE 183

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**(Talmhaíocht** agus Iascach**)**

24 Bealtaine 2022

## CLÁR

**Leathanach**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. An 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (an Ghinéiv, an 12-15 Meitheamh 2022) ..... 3

5. Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin ..... 3

**Aon ghnó eile**

6. (g) Teachtaireacht maidir le lánaí dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin ..... 4
(h) Triomach earrach 2022 ..... 4

***

PUBLIC

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**4. An 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (An Ghinéiv, an 12-15 Meitheamh 2022)** 8928/22

*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil agus na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl maidir le Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála a bheidh ann go luath. Iarrfaidh an Uachtaránacht ar an gCoimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi aon fhorbairtí i ndáil le saincheisteanna trádála a bhaineann le talmhaíocht agus iascach.

**5. Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin** 9221/22

*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le staid na margaí talmhaíochta, chomh maith leis na barúlacha agus na ceisteanna ó na toscaireachtaí agus na freagraí ón gCoimisiún. Fillfidh an Chomhairle ar an gceist seo ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chur an Bheilg ar fáil maidir le hiarmhairtí an triomaigh.

Ina theannta sin, thug sí dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún sa teachtaireacht uaidh maidir le lánaí dlúthpháirtíochta, chomh maith le barúlacha agus ceisteanna na dtoscaireachtaí agus na freagraí ón gCoimisiún. Déanfaidh an Uachtaránacht machnamh ar an mbealach is fearr chun bogadh ar aghaidh leis an saincheist seo.



PUBLIC

**Aon ghnó eile**

6. (g) **Teachtaireacht maidir le lánaí dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin** 9098/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Tugadh aghaidh ar mhír 6(g) faoi mhír 5.

(h) **Triomach earrach 2022** 9268/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

Tugadh aghaidh ar mhír 6(h) faoi mhír 5.

PUBLIC